2026/2250

13.10.2026

TREOIR CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/2250 ÓN gCOIMISIÚN

an 12 Deireadh Fómhair 2026

lena leasaítear Treoir Cur Chun Feidhme 2014/21/AE a mhéid a bhaineann le prátaí síl réamhbhunúsacha a tháirgeadh ó fhíorshíol prátaí ar cineálacha prátaí a iomadaítear le síolta iad agus Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2002/56/CE ón gComhairle a mhéid a bhaineann le ceanglais lipéadaithe prátaí síl

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2002/56/CE ón gComhairle an 13 Meitheamh 2002 maidir le prátaí síl a mhargú ([1]), agus go háirithe Airteagal 18, pointí (c) agus Airteagal 24 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Treoir 2002/56/CE ón gComhairle, leagtar amach rialacha an Aontais maidir le prátaí síl a tháirgeadh. Foráiltear leis na rialacha sin maidir le córas iolraithe fhásúil tiúbar prátaí thar líon teoranta glúnta, ar a dtugtar 'prátaí síl réamhbhunúsacha' mar théarma ar an gcéad cheann acu.

(2) Leis an dul chun cinn atá déanta le déanaí maidir le pórú, táthar in ann cineálacha prátaí a fhorbairt is féidir a atáirgeadh leis an síol luibheolaíoch ('cineálacha a iomadaítear le síolta'). Tugtar 'fíorshíol prátaí' ar an síol sin go coitianta sa leabharliosta eolaíoch agus teicniúil.

(3) An 28 Samhain 2023 ghlac an Oifig Chomhphobail um Chineálacha Plandaí athbhreithniú ar a prótacal maidir le tástálacha ar shainiúlacht, aonfhoirmeacht agus cobhsaíocht cineálacha prátaí (*Solanum tuberosum* L.) ([2]). De thoradh an athbhreithnithe sin, is féidir tástálacha a dhéanamh le prátaí síl ar cineálacha prátaí a iomadaítear le síolta iad. Dá bhrí sin, meastar gur cleachtas inghlactha anois é prátaí síl a tháirgeadh ó fhíorshíol prátaí chun cineál agus sláinte an phlanda a chaomhnú.

(4) Mar sin féin, braitheann saothrú tráchtála prátaí san Aontas den chuid is mó ar phrátaí síl a úsáid mar ábhar iomadaithe, ach tá úsáid dhíreach an fhíorshíl prátaí an-teoranta faoi láthair. Dá bhrí sin, is gá prátaí síl ar cineálacha prátaí a iomadaítear le síolta iad a chur ar fáil ar an margadh, chun go mbainfidh saothróirí tairbhe as na buntáistí is féidir leis na cineálacha sin a chur ar fáil.

(5) Dá bhrí sin, is iomchuí ceanglais a thabhairt isteach maidir le prátaí síl réamhbhunúsacha ar cineálacha prátaí a iomadaítear le síolta iad a tháirgeadh ó fhíorshíol prátaí.

(6) Dá bhrí sin, ba cheart Treoir Cur Chun Feidhme 2014/21/AE ón gCoimisiún ([3]) a leasú dá réir.

(7) Chun inrianaitheacht na bprátaí síl a tháirgtear ó fhíorshíol prátaí a áirithiú agus chun ligean d'úsáideoirí na bprátaí síl sin roghanna eolasacha a dhéanamh, ba cheart na prátaí síl sin a lipéadú go soiléir mar phrátaí a bhaineann le cineálacha a iomadaítear le síolta.

(8) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2002/56/CE a leasú dá réir.

(9) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Treoir seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

([1]) IO L 193, 20.7.2002, lch. 60, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2002/56/oj.
([2]) CPVO-TP/023/4 - Prótacal maidir le tástálacha ar shainiúlacht, aonfhoirmeacht agus cobhsaíocht cineálacha prátaí (*Solanum tuberosum* L.).
([3]) Treoir Cur Chun Feidhme 2014/21/AE ón gCoimisiún an 6 Feabhra 2014 lena gcinntear na coinníollacha íosta agus gráid an Aontais do phrátaí síl réamhbhunúsacha (IO L 38, 7.2.2014, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir_impl/2014/21/oj).

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasú ar Threoir Cur Chun Feidhme 2014/21/AE

Leasaítear Treoir Cur Chun Feidhme 2014/21/AE mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1:

'*Airteagal 1*

Sainmhínithe

Chun críocha na Treorach seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn 'fíorshíol prátaí' síol, sa chiall luibheolaíoch, de *Solanum tuberosum* L.;

(2) ciallaíonn 'máthairphlanda' planda sainaitheanta, lena n-áirítear planda a fhástar ó fhíorshíol prátaí, óna dtógtar ábhar ar mhaithe lena iomadú;

(3) ciallaíonn 'micriomadú' an cleachtas a bhaineann le hábhar plandaí a iolrú go tapa chun líon mór plandaí a tháirgeadh, agus úsáid á baint as saothrán *in vitro* ó bhachlóga nó míristéamaí fásúla difreáilte a thógtar ó phlanda.'

(2) In Airteagal 2(3), cuirtear an ceathrú fomhír seo a leanas isteach:

'I gcás ina bhfástar máthairphlandaí ó fhíorshíol prátaí, suífear comhlíonadh phointe (a) de mhír 1 trí thástáil oifigiúil, nó trí thástáil faoi mhaoirseacht oifigiúil, a dhéanamh ar na máthairphlandaí.'

(3) In Airteagal 2, cuirtear isteach na míreanna 4 agus 5 seo a leanas:

'4. I gcás ina bhfástar máthairphlandaí ó fhíorshíol prátaí, aimseofar an fíorshíol prátaí a bheith saor ón víreoideach tiúbar fearsaideach prátaí trí thástáil oifigiúil, nó trí thástáil faoi mhaoirseacht oifigiúil, ar shampla ionadaíoch agus úsáid á baint as modhanna iomchuí.

5. Ní bhainfidh prátaí síl ó fhíorshíol prátaí ach le cineálacha a chuimsítear sa 'Chatalóg Choiteann de Chineálacha Speiceas Plandaí Talmhaíochta' dá dtagraítear in Airteagal 17 de Threoir 2002/53/CE ón gComhairle (*), tar éis scrúdú a bheith déanta orthu mar chineálacha a iomadaítear le síolta de réir an phrótacail CPVO maidir le tástálacha ar shainiúlacht, aonfhoirmeacht agus cobhsaíocht cineálacha prátaí (*Solanum tuberosum* L.) (**).

(*) Treoir 2002/53/CE ón gComhairle an 13 Meitheamh 2002 maidir leis an gcatalóg choiteann de chineálacha speiceas plandaí talmhaíochta (IO L 193, 20.7.2002, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2002/53/oj).

(**) CPVO-TP/023/4 - Prótacal maidir le tástálacha ar shainiúlacht, aonfhoirmeacht agus cobhsaíocht cineálacha prátaí (Solanum tuberosum L.).'

Airteagal 2

Leasú ar Threoir 2002/56/CE ón gComhairle

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 5 de Chuid A d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2002/56/CE:

'5. An cineál, arna léiriú i gcarachtair rómhánacha ar a laghad, agus, i gcás inarb infheidhme, an tásc 'cineál fíorshíl prátaí' ina dhiaidh.'

Airteagal 3

Trasuí a dhéanamh

1. Na forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh, déanfaidh na Ballstáit iad a ghlacadh agus a fhoilsiú faoin 31 Nollaig 2027. Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl don Choimisiún láithreach.

Cuirfidh na Ballstáit na forálacha sin i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2028 ar aghaidh.

Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na forálacha sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Leagfaidh na Ballstáit síos an bealach a ndéanfar tagairtí den sórt sin.

2. Déanfaidh na Ballstáit téacs phríomhfhorálacha an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.

Airteagal 4

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 5

Seolaithe

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Treoir seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 12 Deireadh Fómhair 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN